**An tÚdarás Ceadúnúcháin um Bád Iascaireachta Mara**

# Tuarascáil Bhliantúil 2005

**An Roinn Cumarsáide,**
**Mara agus Acmhainní Nádúrtha,**
**Éire**
**www.dcmnr.gov.ie/Marine/Sea+Fisheries/Fishing+Boat+Licensing**
**seafishingboats@dcmnr.gov.ie**

**PRN A6/1416**

**An tÚdarás Ceadúnúcháin um Bád Iascaireachta Mara**

# Tuarascáil Bhliantúil 2005

An Roinn Cumarsáide,
Mara agus Acmhainní Nádúrtha,
Lána Líosáin,
Baile Átha Cliath 2
Éire

**Teileafón: -353-1-6782000**
**Facs: -353-1-6782369**
**R-phost: seafishingboats@dcmnr.gov.ie**
**www.dcmnr.gov.ie/Marine/Sea+Fisheries/Fishing+Boat+Licensing**

**PRN A6/1416**

**Tuarascáil don Aire Stáit Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ar chomhlíonadh feidhmeanna an Údaráis um Bád Iascaireachta Mara sa bhliain 2005, de bhun alt 3(7) den Acht Iascaireachta (Leasú) 2003.**

## Réamhrá

De bhun alt 3 den Acht Iascaireachta (Leasú) 2003 (Uimh. 21 de 2003), aistríodh feidhmiúchán ceadúnúcháin um bád iascaireachta mara ón Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an Údarás Ceadúnúcháin um Bád Iascaireachta Mara le héifeacht ó 1 Iúil 2003. Mar a shannaítear san Acht sin, is é an tÚdarás Ceadúnúcháin an tArd-Chláraitheoir um Báid Iascaireachta Mara nó, faoi mhaoirseacht an Ard-Chláraitheora, an Leas-Ardchláraitheoir um Báid Iascaireachta.

Cheap an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha an tArd-Chláraitheoir agus an Leas-Ardchláraitheoir faoi Rialachán 5 de na Rialacháin um Loingeas Marsantach (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaireachta) 1997 (I.R. Uimh. 294 de 1997). Is é an tUasal Aidan Hodson an tArd-Chláraitheoir agus is é an tUasal Brendan Linehan an Leas-Ard-Chláraitheoir, agus is oifigigh den Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha iad araon. Tháinig an tUasal Linehan in áit an Uasail James Moloney le héifeacht ón 17 Deireadh Fómhair 2005.

**Forbhreathnú maidir le Ceadúnú agus Clárú**

Tá an reachtaíocht a rialaíonn ceadúnú bád iascaireachta mara leagtha amach in alt 222B (mar atá malartaithe ag alt 4 den Acht Iascaireachta (Leasú) 2003) de Acht Iascaireachta (Comhdhlúthú) 1959. B'iad Cuid IV den Acht um Loingeas Marsantach 1894, mar a leasaíodh, agus na Rialacháin um Loingeas Marsantach (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaireachta) 2005 (I.R. Uimh. 261 de 2005), reachtaíocht rialaithe chlárúcháin bád iascaireachta.

Forálann Acht 2003 go mbeidh an tÚdarás Ceadúnúcháin neamhspleách i gcomhlíonadh a c(h)uid feidhmeanna faoi réir ag -

(a) an dlí atá i bhfeidhm ag an am maidir le ceadúnúchán bád iascaireachta, ag cuimsiú, go háirithe, aon oibleageáid dlíthiúil ar an Stát de dhroim aon dlí ag institiúid na gComhphobal Eorpach nó aon chomhaontú eile idirnáisiúnta atá ceangailteach ar an Stát, agus

(b) cibé treoracha polasaí a thabharfaidh an tAire i scríbhinn ó am go ham maidir le ceadúnúchán bád iascaireachta.

Forálann Acht 2003 gur féidir achomharc a dhéanamh le hOigifeach Achomhairc, laistigh de mhí ón gcinneadh, ar aon chinnte ag an Údarás Ceadúnúcháin, ar aon iarratais ceadúnaithe nó ar chúlghairm nó leasú ceadúnais. Is féidir do dhuine atá míshásta le cinneadh an Oifigigh Achomhairc, laistigh de 3 mhí tar éis an chinnte, athbhreithniú dlíthiúil ar an gcinneadh a lorg ar an Ard-Chúirt.

Tháinig reachtaíocht leasaithe maidir le ceadúnú agus clárú bád iascaireachta mara i bhfeidhm i 2005. Leasaigh Acht Sábháilteachta Muirí 2005 an dlí maidir le sábháilteacht bád iascaireachta. Dhein na forálacha ábharthacha den Acht seo, a tháinig i bhfeidhm ar an 29 Meitheamh 2005, soiléiriú ar an dlí maidir leis na riachtanais sábháilteachta nach mór a shásamh sular féidir ceadúnas bád iascaireachta mara a dheonadh nó a athnuachan.

Thug na Rialacháin um Loingeas Marsantach (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaireachta (I.R. Uimh. 261 de 2005) an dlí chun réitigh le riachtanais an AE maidir le tomhas ar thonnáiste agus ar thoisí bád iascaireachta chomh maith le huasghrádú a dhéanamh ar na próisis maidir le clárú bád iascaireachta. Thug na Rialacháin isteach éileamh go marcálfaí táscairí teascán do shoithigh a bheadh cláraithe i dteascáin áirithe den loingeas (Fo-theascán Potála agus Teascán Uisceshaothrú) ar thosach an tsoithigh in éineacht le Cód Chalaidh agus Uimhir Chlárúcháin.

Chomh maith leis an dlí náisiúnta agus treoracha polasaí ón Aire, tá feidhm suntasach ag dlí an AE ar bhainistíocht loingeas iascaireachta na hÉireann, rud is léir ó fhorálacha an Achta 2003 atá luaite thuas. Éilíonn Rialachán 2371/2002 na Comhairle ar chaomhnú agus ar shaothrú inbhuaine na n-acmhainní iascaireachta faoin gComhpholasaí Iascaireachta ar na Ballstáit bearta a fheidhmiú le hacmhainn a loingeas a cheartú d'fhonn buan chothromaíocht daingean a bhaint amach idir a n-acmhainn iascaireachta agus a ndeiseanna iascaireachta. Cumhachtaíonn sé Coimisiún na hEorpa leibhéil tagartha a bhunú do na Ballstáit ar leith i dtéarmaí tonnáiste (OT) agus cumhacht innill ("kw") don loingeas ar fad iascaireachta faoi bhrat an Bhallstáit sin. Éilíonn sé ar na Ballstáit féachaint chuige nach sáraítear na leibhéil tagartha seo agus bainistiú a dhéanamh ar iontráil isteach sa loingeas agus imeacht as an loingeas ar chuma, ó 1 Eanáir 2003, go gcúitítear aon acmhainn bhreise sa loingeas gan cúnamh poiblí le réamh-asbhaint den acmhainn chéanna ar a laghad gan cúnamh poiblí. Leagann an Rialachán beartais amach maidir le cláir loingeas iascaireachta a choimeád ag na Ballstáit, chomh maith le Clár Loingeas an Chomhphobail, ina mbeidh eolas a sholáthróidh na Ballstáit maidir le tréithíochtaí agus gníomhaíochtaí na soitheach.

Sonraíonn Rialachán an Choimisiúin 1438/2003 den 12 Lúnasa 2003 rialacha feidhmiúcháin maidir le Polasaí Loingeas an Chomhphobail mar atá sainithe do leibhéil tagartha do loingeas iascaireachta na mBallstát. Tá staid loingeas na hÉireann i 2005 rianaithe sa tuarascáil seo.

**Treoracha Polasaí don Údarás Ceadúnúcháin**

Leag Treoir Polasaí 2/2003 a d'eisigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ar an 17 Samhain 2003 don Údarás Ceadúnúcháin ag teacht le hAlt 3(2)(b) de Acht 2003 amach ollpholasaí ceadúnúcháin um báid iascaireachta mara. Leagadh síos an polasaí seo i bhfianaise na rialacha nua bainistíochta loingis ag an AE agus lean sé ar athbhreithniú ar staid loingeas iascaireachta na hÉireann agus an acmhainn a bhain leis. I gcaitheamh 2005 d'eisigh an tAire dhá Threoir eile Polasaí don Údarás Ceadúnúcháin:

- Treoir Pholasaí 1/2005 den 25 Eanáir 2005.
- Treoir Pholasaí 2/2005 den 28 Meán Fómhair 2005.

Tá téacs uile na dTreoracha Polasaí a eisíodh don Údarás Ceadúnúcháin le feiceáil ar shíomh gréasáin na Roinne.

**Cur síos ar Loingeas Iascaireachta na hÉireann**

Ag teacht le Treoir Polasaí 2/2003, tá catagóiriú déanta ar loingeas iascaireachta na hÉireann i gcúig theascán. Go bunúsach coinníonn an teascánú seo ar an loingeas an teascánú a leagadh síos i gCeathrú Treoir-Chlár Ilbhliantúil an AE, ar cuireadh Rialachán na Comhairle 2371/2002 ina háit, le teascán nua ar Uisceshaothrú. Ach amháin sna cúinsí a sonraítear sa Treoir Polasaí, ní cheadaítear acmhainn a aistriú ó theascán go chéile agus ní mór acmhainn chúitimh a bhaint as an teascán ina bhfuil soitheach nua á chur isteach. Tá cur síos ginearálta ar theascáin an loingis, agus a gcomhdhéanamh ag deireadh 2005, rianaithe thíos:

- *An Teascán Peiligeach Sáile Reoite (SR):* Bhí 23 soitheach sa teascán seo agus iad ag gabháil den chuid is mó de iascaireacht speiceas peiligeacha (scadán, maicréal, bolmán, agus faoitín gorm den chuid is mó).

- *Teascán na dTrálaer Trasnáin:* Bhí 13 soitheach sa teascán seo agus iad lántiomnaithe do thrálaeracht trasnánach.

- *An Teascán Ilfhiúsach:* Bhí formhór an loingis, thart ar 1,229 soitheach sa teascán seo. Soithí ilfheidhme iad seo, ina measc soithí beaga cladaigh (lucht eangach agus lucht potaí), soithí meánacha agus móra do na farraigí móra a dhíríonn ar éisc gheala, éisc pheiligeacha agus éisc dhéchomhlacha shliogánach. Cuimsíonn an teascán seo chomh maith soithí atá ag dul tríd an bpróiseas ceadúnúcháin agus cláraithe faoin Scéim um Cheadúnú Bád Traidisiúnta Iascaireacht Pota i Loingeas Cladaigh na hÉireann. Tá imfhál á chur ar na soithí cladaigh seo, nach ceadmhach dóibh iascaireacht a dhéanamh ach ar speicis neamh-chuóta agus le potaí amháin, laistigh den teascán seo agus ní ceadmhach acmhainn na mbád seo a úsáid áit ar bith eile sa teascán chun críche comhlíonta an réimis iontrála/imeachta as. Tá a thuilleadh eolais faoin Scéim seo tugtha ar leathanach 13.

- *Teascán Sainiúil:* Bhí 135 soitheach sa teascán seo, agus é ar a gcumas iascaireacht a dhéanamh ar speiceas sliogánacha déchomhlacha agus uisceshaothruithe. Faoi pholasaí bainistíochta loingis an AE tá an teascán seo faoi réir na scéime iontrála/imeachta anois. Cheana féin, áfach, bhí moratorium, ar leibhéal náisiúnta, ar cheadúnú a thuilleadh soitheach sa teascán seo, ach amháin trí aistriú cearta ceadúnais a bhí i bhfeidhm cheana féin. Ceapadh an polasaí seo, a bhí i bhfeidhm ó Aibreán 1999, d'fhonn deimhin a dhéanamh de chaomhnú agus saothrú réasúnach ar an stoc de éisc dhéchomhlacha shlogánach.

- *Teascán Uisceshaothrú:* Bhí 15 soitheach sa teascán seo. Ní mór soithí sa teascán seo a iontráil ar an gClár um Báid Iascaireachta ach níl siad faoi réir ag an réimeas iontrála/imeachta agus níl an acmhainn atá i gceist faoi rialachas Leibhéal Tagartha an AE. Ní mór na soithí seo a úsáid do bhainistiú, forbairt agus seirbhísiú limistéar uisceshaothraithe amháin ach tig leo sceathrach a bhailiú ó stoic de dhiúilicíní fhiáine mar chuid de sheirbhís do shealúchas uisceshaothraithe, faoi shrianta áirithe, mar a bheidh cinnte i gcomhthéacs Alt 1 de Rialachán 1438/2003 an Choimisiúin.

**Géilliúlacht do na Leibhéil Tagartha agus d'Uaslíon an Loingis**

Tá na Leibhéil Tagartha do loingeas iascaireachta na hÉireann ar an 1 Eanáir 2003 mar atá leagtha síos i Rialachán 1438/2003 an Choimisiúin ar 86,981 OT agus 230,226 kW. Is é uaslíon an loingis ná stádas acmhainne an loingis ar an 1 Eanáir 2003, faoi réir ag aon cheartaithe ceadaithe nach mó iad ná na Leibhéil Tagartha. Is é uaslíon an loingis bunlíne feidhmiúcháin an réimse iontrála/imeachta. B'é an t-uaslíon loingis d'Éirinn ar an 31 Nollaig 2005 ná 84,517 OT agus 222,484 kW. Déanadh é seo a ríomh trí mhéid na n-imeachta as an loingeas le cúnamh airgid phoiblí, i.e. trí Scéim Díchoimisiúnaithe 2005, a bhaint ón uaslíon loingis a bhí ann roimhe sin, arbh ionann é i gcás na hÉireann agus na Leibhéil Tagartha d'Éirinn. D'fhág 22 soitheach, le hacmhainn 2,464 OT agus 7,742 kW, loingeas na hÉireann le cúnamh poiblí i 2005 faoin Scéim Díchoimisiúnaithe.

Ar an 1 Eanáir 2005 bhí acmhainn loingeas na hÉireann mar a leanas (figiúir leasaithe):

| **Teascán** | **Líon Na Soitheach** | **OT** | **kW** |
|---|---|---|---|
| Ilfhiúsach | 1,253 | 41,822 | 132,477 |
| Peiligeach | 23 | 36,327 | 47,827 |
| Trálaer | 12[1] | 1,848 | 6,963 |
| Trasnáin Sainiúil | 139 | 5,521 | 22,928 |
| **Iomlán** | **1,427** | **85,518** | **210,195** |
| Uisceshaothrú: | 9 | 1,279 | 3,375 |

[1] Cuimsíonn soithí le teidil trasnána lánaimseartha a aistríodh ón teascán ilfhiúsach de bhun Alt I de Threoir Polasaí 2/2003.

Ar an 31 Nollaig 2005 bhí acmhainn loingeas iascaireachta na hÉireann mar a leanas:

| **Teascán** | **Líon Na Soitheach** | **OT** | **kW** |
|---|---|---|---|
| Ilfhiúsach | 1,229[2] | 41,056 | 133,136 |
| Peiligeach | 23 | 36,355 | 47,771 |
| Trálaer | 13[3] | 1,943 | 7,387 |
| Trasnáin Sainiúil | 135 | 4,921 | 20,377 |
| **Iomlán** | **1,400** | **84,275** | **208,671** |
| Uisceshaothrú: | 15 | 3,391 | 7,497 |

Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil na Leibhéil Tagartha agus an stáid acmhainne faoi réir a gceartaithe. Ní mór na figiúir a athcheartú lena bhfuil anseo thíos a chur san áireamh:

1. *Atomhas*: Ceadaíonn Rialachán an Choimisiúin 1438/2003 ceartú ar an Leibhéal Tagartha agus ar an staid tonnáiste acmhainne chun ceann a thógáil de chaighdeánú ar thomhas tonnáiste i dtéarmaí Olltonnáiste (OT) ag teacht le Rialachán na Comhairle 2930/86 mar a leasaíodh le Rialachán na Comhairle 3259/94. Cuimsíonn na figiúir acmhainne tonnáiste atá rianaithe thuas don 1 Eanáir 2005 agus don 31 Nollaig 2005 luachanna OT do shoithí ar a deineadh atomhas ón 1 Eanáir 2003 ach go bhfuil na Leibhéil Tagartha fós le ceartú dá réir ag an gCoimisiún Eorpach. Déantar a thuilleadh cur síos ar atomhas loingeas iascaireachta na hÉireann ar leathanach 13.

2. *Soithí Cladaigh*: Beidh gá na Leibhéil Tagartha agus staid na hacmhainne a cheartú ar chríochnú an cheadúnaithe agus an chlárúcháin ar na soithí faofa faoin Scéim um Cheadúnú na mBád

[2] Cuimsíonn 52 soitheach ceadúnaithe agus cláraithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2005 faoin Scéim um Cheadúnú Bád Traidisiúnta Iascaireacht Pota i Loingeas Cladaigh na hÉireann le hacmhainn iomlán de 190 GT agus 2754 kW.

[3] Cuimsíonn soithí le teidil trasnána lánaimseartha a aistríodh ón teascán ilfhiúsach de bhun Alt I de Threoir Polasaí 2/2003.

Traidisiúnta Iascaireacht Pota i Loingeas Iascaireachta Cladaigh na hÉireann agus faoin scéim chladaigh a bhí roimhe seo ann. Déantar soláthar do chlárú bád cladaigh, le deis a cheadú chun na scéimeanna seo a chríochnú, i bhfonóta (1) le hIarscríbhinn I de Rialacháin an Choimisiúin 1438/2003 maidir le leibhéil tagartha do loingis na mBallstát. Tuigtear don Údarás Ceadúnúcháin go bhfuil soláthar déanta ag an gCoimisiún do 3,904 OT agus 35,914 kW a chuimsiú i Leibhéil Tagartha na hÉireann i leith críochnú an chláraithe ar na soithí iascaireachta cladaigh atá i gceist. Tugtar a thuilleadh eolais ar dhul chun cinn na hoibre ar an Scéim Cheadúnúchán Pota Chladaigh ar leathanach 13.

3. *Soithí an Teascáin Sainiúil:* Agus na Leibhéil Tagartha á ríomh do Éirinn chuimsigh an Coimisiún Eorpach 6,706 TG agus 28,259 kW maidir le soithí sa teascán seo. Meastar don Údarás Ceadúnúcháin áfach go bhfuil na figiúir seo níos lú ná fíor acmhainn na soitheach sa teascán seo ar an 1 Eanáir 2003 agus cuireadh liosta nuashonraithe de na soithí atá i gceist chuig an gCoimisiún i 2004. Ní mór dá bhrí sin na leibhéil tagartha a cheartú, ag teacht le fonóta (1) le hIarscríbhinn I de Rialachán an Choimisiúin 1438/2003.

Tá an t-eolas breise seo a leanas ábharthach maidir le monatóireacht ar ghéillsine don réimeas iontrála/imeachta agus na Leibhéil Tagartha:

- Níor deonadh aon mhéaduithe tonnáiste i 2005 faoi fhorálacha "tonnáiste sábháilteachta" in Alt 11(5) de Rialachán na Comhairle 2371/2002 agus Alt 8 den Rialachán Coimisiúin 1438/2003.
- Níor faomhadh aon soitheach i loingeas na hÉireann do chúnamh poiblí maidir le athnuachan agus nua-aoisiú i ndiaidh an 31 Nollaig 2002.

4. *Cinnte Riaracháin* Ceadaíonn Airteagal 6 de Rialachán 1438/2003 an Choimisiúin cuimsiú i stáid acmhainne an loingis ar an 1 Eanáir 2003 ar acmhainn na soitheach ag teacht isteach sa loingeas de bhun cinnte riaracháin a déanadh idir 1 Eanáir 2000 agus 31 Nollaig 2002, ar choinníoll go ndéantar an iontráil nach déanaí ná trí bliana ó dháta

an chinnte riaracháin agus nach sáraítear na Leibhéil Tagartha. Ní raibh an soláthar ‘coups partis’ seo, mar a thugtar air uaireanta, ag baint le hábhar i gcomhthéacs na hÉireann ach maidir le huasmhéid de 4,474 OT (ag éirí as cinneadh riaracháin maidir leis an MFV Veronica a bhaint as an teascán peiligeach i 2002) agus thart ar 3,100 kW (ag éirí as cinnte riaracháin a deineadh maidir leis an teascán ilfhiúsach). I 2005 níor tugadh isteach aon soithí a bhain úsáid as acmhainn faoin fhoráil seo. Is ionann na mór iomláin de 4,363 OT agus 3,103 kW agus iomlán na hacmhainne a iontráil loingeas na hÉireann faoin soláthar ‘coups partis’ i 2003 agus 2004.

## Imeachtaí an Údaráis Cheadúnúcháin i 2005

*Iarratais ar Cheadúnais agus ar Athnuachana*

Fuarthas iomlán de 276 iarratas ar cheadúnais do bháid iascaireachta mara i rith na bliana, méadú substaintiúil ar 2004. Tharraingíodh siar 7 díobh níos déanaí. Ach amháin i gcás dornán beag de chásanna inar ghá a thuilleadh machnaimh nó breis eolais, déanadh cinnte ar na hiarratais ar fad laistigh den tréimhse trí seachtainí a shainítear i bplean gníomhaíochta custaiméara na Roinne. I gcásanna áirithe inar déanadh tairiscint ar cheadúnais a eisiúint, ag áireamh cásanna inar eisíodh tairiscintí ar cheadúnais i 2004, déanadh ceadúnú agus clárú ina dhiaidh sin tar éis do na hiarratasóirí a bhí i gceist, na riachtanais ceadúnúcháin agus clárúcháin a chomhlíonadh.

Ag leanúint ar achtú Acht Sábháilteachta Muirí 2005, a thug isteach forálacha nua maidir le riachtanais sábháilte do shoithí iascaireachta, d'fheidhmigh an tÚdarás Ceadúnúcháin na riachtanais ar na hiarratais uile ar cheadúnais do bháid iascaireachta mara agus do dheonadh agus d'athnuachan ceadúnas bád iascaireachta mara. Déanadh athnuachan faoi riachtanais Achta 2005 ar líon suntasach ceadúnas a chuaigh in éag, do shoithí faoi bhun 24 méadar ar a bhfad cláraithe, ar an 30 Meitheamh 2005. Ag teacht leis an Acht chomh maith, bhí athnuachan ar cheadúnais do shoithí iascaireachta 24 méadar nó níos mó ar a bhfad cláraithe ag brath ar theastas géillsine leis na riachtanais ábharthacha sábháilteachta a bheith faofa nó curtha ar fáil don soitheach.

*Clár Loingis*

Tháinig an córas nua tuarascála don Chlár Loingis AE i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2004. Éilíonn seo ar gach Ballstát ar leith ala-spleách ar a loingeas iascaireachta a sheoladh go leictreonach go dtí an Coimisiún Eorpach, in aghaidh na ráithe, ag tosú ar an 1 Meán Fómhair 2004, ina mbeidh na sonraí atá sainithe i Rialachán an Choimisiúin 26/2004 do gach soitheach ar a bhunachar sonraí. Sheol an tÚdaras Ceadúnúcháin na tuarascála ar 1 Márta, 1 Meitheamh, 1 Meán Fómhair agus 1 Nollaig 2005 mar a éilíodh. Réitíodh aon earráidí a aithníodh faoi réir ag Rialacha Gnó Choimisiún na hEorpa do thar chur an ala-spleách laistigh den tréimhse ama a leagadh síos sa rialachán tuarascála loingis.

*Atomhas Loingis*

Chiallaigh an clár le hatomhas a dhéanamh ar Loingeas na hÉireann in Olltonnáiste (OT), a luaitear ar leathanach 9, suirbhéireacht a dhéanamh ar gach soitheach ar leith, ar son Oifig Shuirbhéireachta Mara na Roinne, leis an tonnáiste a bhaint amach i dtéarmaí OT. Bhí sé de chúram ar an Údarás Ceadúnúcháin ansin atheisiúint a dhéanamh ar an gceadúnas bád iascaireachta leis an bhfigiúr tonnáiste leasaithe agus an figiúr tonnáiste a leasú i gClár Bád Iascaireachta na hÉireann. Bhí na soithí ar fad, geall leis, le forfhad de 15 méadar nó níos mó, atomhaiste i OT faoi dheireadh 2003, ach bhí an tÚdarás Ceadúnúcháin sa tóir ar thart ar 20 bád nach raibh atomhas déanta orthu leis an gcúram a thabhairt chun críche. Bhí 30 soitheach eile ann faoi bhun 15 méadar ar ollfhad gur ghá a dtonnáiste a athríomh, ag leanúint ar shoiléiriú ar na riachtanais tomhais leis an gCoimisiún Eorpach. Críochnaíodh an obair seo go luath i 2005.

*Báid Phota Chladaigh*

Tosaíodh ar cheadúnúchán agus ar chlárú na soitheach a faomhadh i 2004 faoin Scéim um Cheadúnú Bád Traidisiúnta Iascaireacht Pota i Loingeas Cladaigh na hÉireann a raibh na riachtanais chun ceadúnaithe comhlíonta acu. Chuimsigh na riachtanais seo dearbhú ó shuirbhéir neamhspleách ar ghéillsine an tsoithigh iascaireachta a bhaineann le hábhar do na riachtanais sábháilteachta. Faomhadh thart ar 740 soitheach faoin Scéim seo. Faoi dheireadh na bliana, bhí thart ar 200 ceadúnas neamhoibriúchán eisithe le clárú na soitheach a chumasú agus bhí an próiseas clárúcháin críochnaithe ag 52 ceann díobh, le hacmhainn 190 OT agus 2,754 kW, ar fad. Tá líon áirithe bád a ceadúnaíodh faoi scéim chladaigh roimhe seo, faofa ag Coimisiún na hEorpa, á n-iontráil ar Chlár na mBád Iascaireachta laistigh den teascán ilfhiúsach. Ag deireadh 2005, bhí thart ar 100 soitheach ag fanacht le clárú faoin luathscéim seo.

Thionscain cuid díobh sin a fuair eiteach próiseas achomhairc faoi Acht 2003. I gcaitheamh na bliana fuair an tÚdarás Ceadúnúcháin fógra faoi 58 achomharc den chineál sin de bhreis ar na cinn a fógraíodh i 2004, líon ab

ionann is 135 achomharc ar fad. Deineadh cinnte ar 48 achomharc i gcaitheamh na bliana, agus chinn an tOifigeach Achomhairc 4 chás eile a bheith neamhbhailí. Eisíodh tairiscintí ar cheadúnais dóibh sin ar éirigh a n-achomhairc leo.

*Córas Comhtháite Faisnéise Iascaireachta (CCFI)*

Tugadh cur síos i dtuairiscí bliantúil 2003 agus 2004 ar an gcóras nua ríomhbhunaithe eolais a bhí molta lena thabhairt isteach ar gach aon ghné de bhainistiúicht na hiascaireachta. Lean foireann an Údaráis Cheadúnúcháin de bheith rannpháirteach san obair maidir le forbairt agus tástáil an chórais nua sula dtabharfaí isteach é. Chomh maith céanna dhein foireann an Údaráis Cheadúnúcháin obair leis na bunachair shonraí a bhí ann cheana féin a ullmhú le haistriú go dtí an córas nua. Thosaigh an córas ag feidhmiú beo do cheadúnú agus do chlárú bád iascaireachta i Meitheamh 2005.

*Suíomh Gréasán*

Ag teacht le halt 3(8) den Acht Iascaireachta (Leasú) 2003, lean an tÚdarás Ceadúnúcháin ag féachaint le nuashonrú rialta ar eolas ar iarratais ar cheadúnais agus ar chinnte ceadúnúcháin a fhoilsiú ar shuíomh idirlín na Roinne.

*Achomhairc*

Cheap an tAire triúr Oifigeach Achomhairc, An tUasal Niall Beirne BL, Miriam Reilly, Uasal, BL agus an tUasal Michael Vallely BL in Iúil 2003 do thréimhse 3 bliana. I Meán Fhómhair 2005 d'éirigh an tUasal Beirne as a phost mar Oifigeach Achomhairc. Cheap an tAire beirt eile Oifigeach Achomhairc, Emile Daly, Uasal, BL agus an tUasal Daniel Donnelly BL i nDeireadh Fómhair 2005 do thréimhse 3 bliana. D'éirigh an tUasal Donnelly as a phost in Eanáir 2006.

Faoi dheireadh na bliana bhí fógra faighte ag an Údarás Ceadúnúcháin maidir le 59 achomharc in aghaidh cinnte a taisceadh leis na hOifigigh Achomhairc. Bhain 58 de na hachomhairc leis an Scéim Cheadúnaithe Do

Bháid Traidisiúnta Iascaireachta Pota Cladaigh i Loingeas Cladaigh na hÉireann.  Bhain achomharc amháin le coinníoll ceadúnais i gceadúnas. Deineadh cinnte ar 48 achomharc faoin Scéim Phota Chladaigh faoi dheireadh na bliana, agus tarraingíodh siar 4 chás eile. Tá ainmneacha na n-achomharcóirí, na nOifigeach Achomhairc a bhí i gceist agus na cinntí a dhein na hOifigigh Achomhairc foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne.

**Socruithe foirne agus eagraíochta**

Lasmuigh den Ard-Chláraitheoir agus an Leas-Ardchláraitheoir, is iad seo a leanas na hacmhainní foirne a cuireadh ar fáil don Údarás:

2 Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
3 Oifigeach Feidhmiúcháin
1 Oifigeach Foirne
2 Oifigeach Cléireachais.

Tugtar cúnamh don Údarás Ceadúnúcháin chomh maith i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna tríd an gceangal leanúnach atá ann le Rannán Polasaí agus Forbartha Bia Mara agus Rannán Rialaithe Bia Mara na Roinne chomh maith le rannáin lárnacha na Roinne.

*Táim buíoch den Leas-Ardchláraitheoir, an tUasal James Moloney, agus dá chomharba an tUasal Brendan Linehan, d'fhoireann an Údaráis Cheadúnúcháin agus de rannáin eile na Roinne, as a dtacaíocht agus a gcúnamh lena chur ar chumas an Údaráis Cheadúnúcháin a chuid feidhmeanna a chur i gcrích. .*

*Aidan Hodson*
*Ard-Chláraitheoir na mBád Iascaireachta.*
*Meitheamh 2006*